An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Clár Ábhar

1. **Ráiteas an Chathaoirligh**

2. **Tuarascáil an Phríomhfheimeannaigh**

3. **An Bord**

4. **Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha**

   4.1 Ról
   4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

5. **Obair na Gníomhaireachta i 2008**

   5.1 Dul chun cinn i 2008
   5.2 Airgeadas agus Cuntais
   5.3 Clár Lárionad Acmhainne na Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail
   5.4 Deontais Phósta, Seirbhísí Comhairliúcháin Linbh agus Méala
   5.5 Seirbhís EadránaTeaghlaigh
   5.6 Taighde
   5.7 Faisnéis

6. **Aguisíní**

Aguisín 1 Cruinnithe an Bhoird i 2008 agus Foghrúpaí an Bhoird
Aguisín 2 Feidhmeanna Reachtúla
Aguisín 3 Struchtúr Eagraíochtúil agus Soláthar Foirne
Aguisín 4 Áitreabh

1. Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh, tá sé de phribhléid agam a Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, a mhionsonraíonn obair agus éachtaí na Gníomhaireachta i 2008.

Bhí tábhacht agus luach seirbhísí na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh níos soiléire le linn na bliana de réir mar a chuaigh an cor chun donais eacnamaíoch agus na struis agus anró leis i bhfeidhm ar theaghlaigh ar fud na tíre.

Tá an ról atá againn le teaghlaigh a thacú treoraithe ag ár bPlean Straitéiseach 2007-2009, agus ta áthas orm dul chun cinn suntasach na Gníomhaireachta inár gcúig thosaíochtaí straitéiseacha a thuairisciú. Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh sa phróiseas de thógail agus feabhsú caidreamh le geallshealbhóirí chun éifeachtúlacht agus seachadadh feabhsaithe de sheirbhísí ardchaighdeáin a chinntiú do theaghlaigh.

Lean Clár an Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh ar aghaidh ina ról chun dul i ngleic le míbhuntáiste trí sheirbhísí agus tacaíochtaí a thairiscint mar chuidiú leis na teaghlaigh imeallaithe agus grúpaí i mbaol sin sa phobal ina bhfeidhmíonn sé. Bhí méadú i líon na Lárionad Acmhainne Teaghlaigh i 2008 go dtí 107 ar fud na tíre, gach ceann acu cóirithe do riachtanais a bpobal féin, ag seasamh le héiteas forbartha an phobail agus le prionsabal na cuimsitheachta, an bheirt acu lárnach do luachanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

Agus í ag feidhmiú le 22 bliain anuas, lean an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ar aghaidh le cuidiú a thabhairt do lánúin atá i lár scartha nó colscartha teacht chun comhaontaithe le cuidiú ó eadránaithe na Gníomhaireachta. Le linn na bliana thug an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh cuidiú do 1,500 lánúin go neasach ar fud na tíre óna 16 oifig. Tá tábhacht ar leith leis an gcuidiú a sholáthraíonn sí do lanúineacha atá ag scaradh a bhfuil leanúineacha acu, chun pleananna tuistithe a fhorbairt agus chun cuidiú leis na tuismitheoirí caidreamh dearfach agus leanúnach a choinneáil lena leanaí.

Tá ról tábachtach ag scéim dheontas na Gníomhaireachta i dtaca le soláthar de sheirbhísí comhairliúcháin do theaghlaigh i dtréimhsí deacra, cibé acu dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí pósta/caidrimh acu, tar éis bháis bhall den teaghlach, nó leanbh atá ag eispéiriú scartha tuistí. Tá áthas orm tuairisciú gur tugadh maoiniú do 600 eagraíocht deonacha agus pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin ar fud na tíre.

Tá taighde bunaithe ar an teaghlach fíorthábhachtach fós chun beartais agus seirbhísí cuí a chur ar an eolas agus a fhorbairt do theaghlaigh, agus chuige seo lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ina ról trí chúnamh deontais a thabhairt do dhá thionscadal taighde faoi Ghairm Thaighde na Gníomhaireachta, agus don chéad uair riamh urraíocht do mhac léinn PhD chun fás agus toilleadh an taighde teaghlaigh in Ollscoileanna na hÉireann a chothú. Bhí suntasacht i 2008 freisin le coimisiúnú staidéir chun Straitéis Thaighde Theaghlaigh a fhorbairt a bheidh ag feidhmiú, ní amháin mar threoir do chlár taighde na Gníomhaireachta, ach chun éifeachtúlachtaí níos mó a chruthú agus chun feidhmiú mar theimpléad le haghaidh taighde teaghlaigh in Éirinn.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh ómós a thabhairt do gach ball foirne na Gníomhaireachta faoi sainstiúir an Phríomhfheidhmeannaigh Pat Bennett, faoina ndílseacht agus a dtiomantas leanúnach chun seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do theaghlaigh atá ar an anás ar fud na tíre. Tá mo bhuíochas agus mo mheas ag dul freisin do mo chomhbhaill Bhoird faoina dtacaíocht agus a gcríonnacht leanúnach.

Sa deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, Mary Hanafin T.D., agus le hoifigigh sa Roinn mar gheall ar na hacmhainní a chur ar fáil dúinn chun cur ar ár gcumas na seirbhísí a thacaímid ar fud na tíre a fheabhsú.

An tUas. Michael O'Kennedy SC
Cathaoirleach

2. Tuarascáil an Phríomhfheimeannaigh

Agus mé ag amharc siar ar 2008, tá athas orm éachtaí suntasacha na Gníomhaireachta le linn na bliana a thuairisciú. Tá an obair a dhéanaimid treoraithe ag ár bPlean Straitéiseach 2007-2009. Bhí dul chun cinn suntasach i 2008 ar chur i bhfeidhm na straitéise sin agus ar chomhlíonadh dár ról mar phríomhsholáthróir de sheirbhísí do theaghlaigh, go díreach trí Sheirbhís Eadrána Theaghlaigh na Gníomhaireachta agus go hindíreach trí na pobail éagsúla a sholáthraíonn seirbhísí ag leibhéal áitiúil.

Bhí Clár Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh na Gníomhaireachta (FRC) mar chuid de seo arís. D'oscail sé a 107ú lárionad acmhainne teaghlaigh i 2008, gach ceann acu ag feidhmiú i bpobail ar fud na tíre chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus chun feidhm an aonaid teaghlaigh a fheabhsú, le seirbhísí agus gníomhaíochtaí deartha chun freastal do riachtanais an phobail áitiúil. Tugadh maoiniú de €18,936 don Chlár FRC i 2008.

Tá sé mar phríomhfheidhm na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí deonacha sin a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin pósta/caidrimh, leanaí agus méala i bpobail áitiúla ar fud na tíre. Bhíomar in ann maoiniú iomlán de €10.948m a sholáthar sa bhliain seo a chuaigh thart do 600 de na heagraíochtaí seo. Neartaigh taighde a rinneadh i 2006 ár ngealltanas dá luach, taighde a léirigh gur bhain breis agus 70,000 duine úsáid as seirbhísí comhairliúcháin ar dhóigh chostéifeachtach, mar gheall ar mhaoiniú na Gníomhaireachta.

Lean an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh (FMS) ar aghaidh i 2008 leis an tseirbhís riachtanach seo a sholáthar do lánúineacha a bhí ag scaradh nó ag colscaradh. D'aistrigh FMS chuig oifigí nua i Sligeach chun an tseirbhís agus na háiseanna dá gcliaint sa réigiún seo den tír a fheabhsú.

Chomhoibrigh rannóg Fhaisnéise na Gníomhaireachta le heagraíochtaí eile, reachtúla agus neamhreachtúla, chun faisnéis úsáideach do thuismitheoirí a chur chun cinn agus a scaipeadh. I measc na dtionscadal a fuair tacaíocht ná tionscnaimh le Barnardos, One Family, Treoir agus an Clár Uile-Éireann do Thuismitheoirí Inimirceacha.

Sholáthair an rannóg Thaighde cúnamh deontais do dhá staidéar i 2008, ceann acu a rinne scrúdú ar thuairimí agus iompar atá ag athrú a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith acu ar fhoirmiú teaghlach in Éirinn, agus an dara ceann a rinne scrúdú ar an ról atá ag seantuismitheoirí i dteaghlaigh corscartha agus scartha.

Cuireann rannóg na Seirbhísí Corparáide taca faoin obair go léir a dhéanann an Ghníomhaireacht, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Cuntais, Párolla agus Bainistíocht Áiseanna.

Níorbh fhéidir na héachtaí agus an dul chun cinn atá mionsonraithe sa tuarascáil seo a bhaint amach gan tacaíocht agus tiomantas ag a lán daoine. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, Mary Hanafin T.D., agus na hoifigh in a Roinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Cathaoirleach na Gníomhaireachta, an tUasal Michael O'Kennedy S.C. agus le Bord na Gníomhaireachta mar gheall ar a dtacaíocht leanúnach den scoth dom féin agus d'fhoireann uile na Gníomhaireachta.

Ba mhaith liom aitheantas áirithe a thabhairt do gach ball foirne mar gheall ar a dtiomantas agus a ngealltanas leanúnach i dtaca le seachadadh sheirbhísí na Gníomhaireachta.

Sa deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libhse, na soláthróirí seirbhíse, as an tacaíocht agus an tiomantas a thug sibh do bhur bpobail. Tá Plean soiléir Sraitéiseach againn agus táimid tiomanta chun na spriocanna a leagadh amach sa phlean sin a bhaint amach chun seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh a thógáil agus a fhorbairt.

An tUas. Pat Bennett
Príomhfheidhmeannach

3. An Bord

Tá Bord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Tá saineolas agus taithí ag na baill cheaptha sna réimsí de sheirbhísí teaghlaigh agus pobail, comhairliúchán, eadráin teaghlaigh, taighde agus dlí teaghlaigh.

Cathaoirleach	An tUas. Michael O'Kennedy	Abhcóide Sinsearach
Comhaltaí	Clare Cashman Uas.	Comhordaitheoir Tionscadail, Lárionad Acmhainní na Mílaoise, Baile an Garraí, Co. Thiobraid Árann
	Paddie Connellan Uas. (1)	Ball de Choiste Chuairte na bPríosún, Banaltra, Cumhartheiripeoir agus Reifléacseolaí.
	An Seanadóir Maria Corrigan	Síceolaí agus Ball de Chomairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
	An tUas. Geoffrey Corry	Ionadaí Foirne
	Helen Faughnan Uas.	An Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh
	Angela Gaule Uas.	Eadránaí Comhairleach agus Ball d'Institiúid Eadránaithe na hÉireann
	Rita Hayes Uas. (2)	Ball de Choiste Chuairte na bPríosún, Bainteach le Comhairleoireacht Méala
	An tUas. Dick Hickey	Stiúrthóir, Ionad Acmhainne Teaghlaigh Bhríde, Port Láirge
	Caroline Murphy Uas. (3)	Síceolaí Eagraíochtúil agus Craoltóir.
	An Dr. Colm O'Connor	Síceolaí Cliniciúil agus Stiúrthóir Lárionad Comhairliúcháin Pósta Chorcaí.
	Bríd Rocks Uas.	Príomhoide, Scoil Uí Mhuirí, Dún Leire, Co. Lú Dioplóma sa Chomhairliúchána agus sa Síciteiripe
	Muriel Walls Uas.	Dlíodóir agus speisialtóir sa dlí teaghlaigh

(1) Téarma oifige críochnaithe, Bealtaine 2008
(2) Téarma oifige críochnaithe, Bealtaine 2008
(3) Ceaptha, Deireadh Fómhair 2008

Féach Aguisín 1 le haghaidh mionsonraí ar chruinnithe an Bhoird i 2008 agus le haghaidh mionsonraí ar Fhoghrúpaí an Bhoird.

4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

4.1 Ról

Tá ról reachtúil i dtaca le seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus beartais theaghlaigh ag an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, a bunaíodh ar 6 Bealtaine 2003. Tá feidhmeanna na Gníomhaireachta, mar a forordaíodh san Acht faoin nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001, leagtha amach in Agúisín 2.

4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

Leagann amach dara Plean Straitéiseach na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh, a forbraíodh i gcomhairle lena ngeallshealbhóirí, cúig Thosaíocht Straitéiseacha don Ghníomhaireacht le linn na dtrí bliana ó 2007 go 2009.

Tosaíocht Straitéiseach 1: Teaghlaigh a thacú agus a neartú trí sheirbhísí tacaíochta ardchaighdeáin a sholáthar i bhfoirm de líonra Lárionad Acmhainne Teaghlaigh, réimse de sheirbhísí comhairliúcháin tacaithe ag deontais, agus seirbhís eadrána teaghlaigh.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Timpeallacht thacúil phobail a chothú do theaghlaigh i gcomhpháirtíocht leis na hearnálacha pobail, deonacha agus reachtúla.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Cur le héifeachtacht an bheartais theaghlaigh agus seirbhísí trí thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó ceisteanna eile a d'fhéadfadh a bheith iarrtha ag an Aire.

Tosaíocht Straitéiseach 4: An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur chun cinn mar phríomhsholáthróir na seirbhísí tacaíochta agus na faisnéise baintí do theaghlaigh in Éirinn.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Eagraíocht éifeachtach, sholúbtha agus chumasach a fhorbairt le cultúr bróid, nuálaíochta agus comhaill, a chothaíonn rannpháirtíocht, an fhorbairt phearsanta agus ghairme ag gach leibhéal.

Leagann Roinn 5 amach an dul chun cinn trasna na gcúig Thosaíocht Straitéiseacha i 2008.

5. Obair na Gníomhaireachta i 2008

5.1 Dul chun cinn i 2008

I 2008, lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ar aghaidh le próiseas tógála agus feabhsaithe na gcaidreamh lena ngeallshealbhóirí chun soláthar de sheirbhísí ardchaighdeáin do theaghlaigh a chinntiú. Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh freisin lena struchtúr eagraíochta a fhorbairt de réir na dtosaíochtaí a leagadh amach i bPlean Straitéiseach na Gníomhaireachta 2007-2009.

Áirítear i measc éachtaí na Gníomhaireachta i 2008 ná:

- Soláthar de sheirbhís dhíreach eadrána teaghlaigh do 1,500 lánúin go neasach ar fud na tíre
- Maoiniú do 600 eagraíocht dheonach agus phobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin
- Maoiniú do 107 Lárionad Acmhainne Teaghlaigh
- Comhlánaíodh Céim 2 den Phlean Inmheánach Iniúchta – Athbhreithniú ar Chlár Lárionad Acmhainne Teaghlaigh
- Athlonnú de 2 oifig Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh – Luimneach agus Sligeach
- Earcaíocht dhíreach fhoirne ar an nGníomhaireacht, 6 chomórtas oscailte
- Cúnamh deontais bronnta ar dhá thionscadal taighde faoi Ghairm Thaighde na Gníomhaireachta
- Urraíocht do mhac léinn PhD faoi Chlár Scoláireachta Taighde na Gníomhaireachta
- Coimisiúnú de staidéar chun Straitéis Thaighde Theaghlaigh a fhorbairt
- Seoladh de Chlár Fógraí FSA – inlíon foirne chun cumarsáid inmheánach laistigh den Ghníomhaireacht a éascú
- Maoiniú d'fheachtas fógraíochta ag Treoir chun faisnéis chruinn a sholáthar ar na cearta atá ag fir neamhphósta i dtaca lena bpáistí.

Theastaigh tiomantas leanúnach ón mbord agus ó fhoireann na Gníomhaireachta agus comhairle rialta le geallshealbhóirí na Gníomhaireachta.

Ba mhaith leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach na Roinne Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh.

Tá struchtúr eagraíochtúil agus soláthar foirne na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh 2008 mionsonraithe in Aguisín 3. Tá 16 áitreabh na Gníomhaireachta ar fud na tíre liostáilte in Aguisín 4.

5.2 Airgeadas agus Cuntais

Ba é €35.98m caiteachas iomlán na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh i 2008. Eisíodh €29.051m den fhigiúr seo go díreach chuig eagraíochtaí deonacha agus pobail ar fud na tíre. D'éascaigh an leibhéal caiteachais seo leanúint agus forbairt na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu.

Tá Cuntais agus Ráiteas Airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain 2008, mar a cuireadh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, in Agúisín 5.

5.3 Clár Lárionad Acmhainne na Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail

Tá freagracht ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Clár an Lárionaid Acmhainne Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail a thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Tosaíochtaí Beartais

Is í príomhaidhm Chlár an Lárionaid Acmhainne Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail ná cuidiú leis an míbhuntáiste a chomhrac trí fheidhm an aonaid theaghlaigh a fheabhsú. Leagann sé béim ar rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus iad ag forbairt cur chuige chun dul i ngleic le fadhbanna agus chun comhpháirtíochtaí rathúla a chruthú idir na gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla ina limistéir. Feidhmíonn Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh de réir cleachtas agus prionsabal forbartha pobail agus bíonn daoine ó ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha agus ó limistéir faoi mhíbhuntáiste páirteach ag gach leibhéal sa tionscadal.

Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn agus na gníomhaíochtaí a thacaíonn na lárionaid acmhainne deartha chun riachtanais an phobail a chomhlíonadh. Seasann siad le héiteas forbartha an phobail agus le prionsabal na cuimsitheachta ar cuid lárnach iad de luachanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh:-

- Faisnéis, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí sprice agus do theaghlaigh sa limistéar.
- Cúnamh praiticiúil, mar atá oiliúint, faisnéis agus comhairle do ghrúpaí pobail.
- Cúrsaí oideachais agus deiseanna oiliúna.
- Áiseanna cúraim leanaí dóibh siúd atá ag freastal ar chúrsaí a sholáthraíonn an tionscadal.
- Tionscnaimh chun ról na n-aithreacha óga i saol a bpáistí a fheabhsú.
- Rannpháirtíocht na bhfear i saol an phobail.
- Grúpaí na dTuismitheoirí Aonair.
- Grúpaí na mban.
- Úsáid na lárionad áitiúil mar ionad cruinnithe do ghrúpaí agus seirbhísí éagsúla m.sh. C.I.C., MABS, AA, cruinnithe cónaitheoirí srl.
- Clubanna tar éis am scoile.

Lárionaid Chrói-mhaoinithe

Ó bhí an Ghníomhaireacht freagrach as an gClár don chéad uair i 2003, mhéadaigh líon na lárionad croí-mhaoinithe ó 63 go 107 i 2008.



Maoiniú

Tá an tacaíocht d'fhorbairt an chláir FRC á soláthar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013. Mhéadaigh an maoiniú don Chlár le €18.936 milliún dáilte i 2008.



Líonrú

Spreagann an Ghníomhaireacht an líonrú i measc na Lárionad Acmhainne Teaghlaigh ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Chun líonrú den chineál sin a spreagadh agus a neartú, dáileadh €56.540 ar Fhóram Náisiúnta an Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh (FRC) i 2008. Thionóil an Ghníomhaireacht cruinnithe ceathrúnacha freisin le Fóram Náisiúnta an Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh.

Luacháil

Tá córas féinmheastóireachta bunaithe ar bhogearraí ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh dar teideal SPEAK (Córas Pleanála Straitéisí agus Féinmheastóireachta) atá ar fáil do gach Lárionad Acmhainne Teaghlaigh (FRC).
Is gné uathúil de SPEAK í gur féidir leis feidhmiú thar a lán FRCanna ionas go gcomhordaítear na sonraí a bhailítear ó gach Tionscadal isteach i mbunachar sonraí uileghabhálach. Chuir an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh an bunachar sonraí seo ar fáil d'Fhóram Réigiúnach na FRCanna, do Líonra na nGníomhaireachtaí Tacaíochta agus do FRCanna aonair. Baintear úsáid as an mbunachar sonraí seo freisin chun tiomsú de thuarascáil leibhéal cláir a mhúnlú a leagann amach aschur agus ionchur obair na FRCanna, a fhoilsítear ar bhonn bliantúil. Ag leibhéal cláir, tá cúig bliana de thorthaí SPEAK ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, comhdhéanta de 354 tacar sonraí aonair go neasach.

Tá tuarascáil atá bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh don bhliain 2008 ag úsáid SPEAK á tiomsú faoi láthair, agus a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin FSA *(www.fsa.ie).* Chruthaigh SPEAK bunachar sonraí ardphoitéinsil chun an clár iomlán agus a thionchair a thuiscint, agus níos tábhachtaí chun tionchar a imirt ar threoir an chláir agus réimsí bainteacha de bheartas agus cleachtas.

Tá oiliúint agus úroiliúint faoi mhúnla meastóireachta SPEAK ag leanúint ar aghaidh do ghrúpaí nua agus bunaithe sa chlár.

Gníomhaireachtaí Tacaíochta/Gníomhaireachtaí Tacaíochta Speisialta

Conraíonn an Ghníomhaireacht roinnt Gníomhaireachtaí Tacaíochta Speisialta chun tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do thionscadail agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn.

5.4 Deontais Phósta, Seirbhísí Comhairliúcháin Linbh agus Méala

Riarann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Scéim na nDeontas ar Eagraíochtaí Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairliúcháin Pósta, Linbh agus Méala. Tá freagracht ag an nGníomhaireacht comhairle a sholáthar, a chur chun cinn agus a chothú, i dtaca le pósadh agus caidreamh, ullmhú don phósadh agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh.

Le linn 2008 bhí iomlán de €10.948m dáilte do Scéim na nDeontas, a leirigh méadú de 10% i gcomparáid le 2007.

Dáileadh an mhaoinithe
Fuarthas 607 iarratas san iomlán ó eagraíochtaí ag lorg maoinithe deontais agus ceadaíodh 599 acu le haghaidh íocaíochta (ceadaíodh 553 le haghaidh íocaíochta i 2007). Bhí 88 de na heagraíochtaí seo ag cur isteach ar mhaoiniú deontais don chéad uair. Ba é breis agus €20m an méid iomlán maoinithe a lorg eagraíochtaí i 2008.

Tosaíochtaí a rialaíonn dáileadh an mhaoinithe
- An tacaíocht leanúnach airgeadais a thabhairt do na príomhsholáthróirí bunaithe seirbhisí ionas go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh chun a seirbhísí a chur ar fáil agus a fhorbairt.
- Tacaíocht a thabhairt do bhunú de líonra réigiúnach seirbhísí tacaíochta teaghlaigh trí infheistiú i soláthróirí seirbhíse atá bunaithe go háitiúil in eochairlimistéir ar fud na tíre.
- Béim a leagan ar thacaíocht a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Miondealú an mhaoinithe
Is mar seo a leanas atá miondealú de dháileadh iomlán an mhaoinithe do na seirbhisí éagsúla:-

Catagóir Dheontais	**Méid an Mhaoinithe**
Comhairliúchán Pósta	€6.220
Ullmhúchán Pósta	€ .795
Comhairliúchán Linbh	€1.562
Méala	€2.369



Bhí méadú ó 2007 sa mhéid maoinithe a fuair eagraíochtaí a sholáthraíonn comhairliúchán pósta, cúrsaí ullmhúcháin pósta, coimhairliúchán linbh agus comhairliúchán méala. Ní raibh méadú sa mhaoiniú do na heagraíochtaí sin nár iarr méadú.

Ní bhfuair an chuid is mó de na heagraíochtaí sin a sholáthraíonn tacaíocht mhéala méadú sa mhaoiniú cionn is go gcreidtear go bhfuil maoiniú imleor á fháil acu cheana féin.

Meastóireacht ar Sheirbhísí
Tugadh cuairt ar 39 eagraíocht i 2008 chun meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán agus cineál na seirbhíse atá á soláthar. Go ginearálta, fuarthas amach go raibh caighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn na heagraíochtaí seo sásúil.

Éascaíonn na cuairteanna seo freisin forbairt de líonra teagmhálacha chun tuairimí a chur ar ais chuig an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh maidir le forbairt na seirbhísí sa todhchaí.

5.5 An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh

Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach freisin as an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh, seirbhís saor in aisce phroifisiúnta agus rúnda do lánúineacha idir phósta agus neamhphósta a shocraigh ar scaradh nó colscaradh a dhéanamh agus a dteastaíonn uathu téarmaí an scartha nó an cholscartha a phlé le cabhair eadránaí oilte. Tá an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ar fáil freisin do dhaoine nár chónaigh le chéile riamh ach a ráineodh go mbeadh leanbh ag tuismitheoir amháin acu agus a dteastaíonn uathu dul chun eadrána chun socruithe teagmhála agus tuismitheoireachta a phlé; tá an tseirbhís ar fáil freisin do lánúineacha aonghnéis atá ag scaradh. Is féidir le headráin cúnamh a thabhairt freisin maidir le ceisteanna eile teaghlaigh, mar shampla, fáil na seantuismitheoirí ar chlann clainne tar éis scartha agus ceisteanna a bhaineann le páistí i gcúram idir tuismitheoirí nádúrtha agus tuismitheoirí altrama.

Tá eadráin teaghlaigh ina cuidiú le lánuineacha atá ag scaradh chun breathnú ar na hacmhainní agus na roghanna atá ar fáil dóibh, agus chun teacht ar chomhaontú a fhreastlaíonn ar riachtanais agus suimeanna na beirte agus ar riachtanais agus suimeanna a bpáistí.

Próiseas na hEadrána

Nuair a bhaineann na cliaint lárionad Eadrána Teaghlaigh amach, labhraíonn an t-eadránaí leo le chéile. Míníonn an t-eadránaí maidir leis an bpróiseas seo :

- gurb iad na cliaint a dhéanann na cinntí
- gurb é ról an eadránaí a gcuid plé a éascú agus a gcuid caibidlíochta a bhainistiú
- nach comhairleoir nó moltóir dleathach é/í an t-eadránaí

Ag an seisiún tosaigh seo cloiseann an t-eadránaí an fáth ar roghnaigh na cliaint an eadráin, na hionchais atá acu leis an eadráin agus na ceisteanna is gá leo a phlé chun teacht ar chomhaontú. Cruthaíonn na cliaint a gclár ábhar ceisteanna féin atá le plé ina dhiaidh sin.

I measc na gceisteanna eadrána teaghlaigh go minic ná :

- Teach an teaghlaigh – cá gcónóidh gach duine agus cá gcónóidh na páistí?
- Réadmhaoin eile a shealbhaítear i gcomhpháirt – conas a roinnfear í seo?
- Tuismitheoireacht – conas a chaithfidh na páistí am lena dtuismitheoirí beirt agus conas a bheidh na tuismitheoirí i dteagmháil maidir leis na páistí?
- Tacaíocht airgeadais – an íocfar as tacaíocht le páirtí amháin nó eile maille leis na páistí agus cá mhéad a bheidh ag gach duine le haghaidh costas maireachtála?
- Pinsin – cad iad na teidlíochtaí atá ann agus conas a dháilfear iad?
- Sócmhainní – conas a roinnfear na sócmhainní?
- Fiacha – cé a dhéanfaidh bainistiú ar na fiacha agus na caiteachais eile?
- Inneachar theach an teaghlaigh – conas a dháilfear an t-inneachar?

Agus an clár ábhar leagtha amach cuireann na páirtithe faisnéis ar fáil ar a riachtanais airgid thodhchaíoch. Tugann siad bunús lena n-ioncam agus a dtuarastal – má bhíonn réadmhaoin

i gceist b'fhéidir go dteastódh luacháil. B'fhéidir go mbeadh comhairle airgeadais ag teastáil má tá ceisteanna casta airgeadais nó luachála comhlachta i gceist, chomh maith le luach agus sochair de scéim phinsin ar bith. Murar lorg na páirtithe comhairle dhleathach cheana féin, b'fhéidir go dteastódh seo i rith na headrána.

Nuair a thagann na páirtithe ar shocrú maidir leis na ceisteanna thuas, dréachtann an t-eadránaí Nóta Comhaontaithe Eadránaithe. Ina dhiaidh sin, is féidir leis na cliaint an Nóta Comhaontaithe Eadránaithe a thabhairt dá ndlíodóirí féin chun go ndréachtfar é ina Ghníomhas dleathach Idirscartha. Glacann comhlánú na headrána teaghlaigh dhá go dtí sé sheisiún, ag brath ar leibhéal na teagmhála idir na páirtithe agus ar chastacht na gceisteanna i gceist. Ag deireadh an phróisis tugtar cuireadh do lánúineacha a bhfuil páistí acu iad a thabhairt leo chun na socruithe ar glacadh leo amach anseo a mhíniú dóibh, ionas go gcuirtear na páistí ar a suaimhneas gur ar mhaithe leo atá na tuismitheoirí ag feidhmiú.

Tá iomlán de shé lárionad déag go náisiúnta ag Seirbhís Eadrána na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh. Tá lárionaid Seirbhísí Eadrána Teaghlaigh lánaimseartha ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh i gCorcaigh, Baile Áth Cliath, Gaillimh agus Luimneach, agus Seirbhisí Eadrána Teaghlaigh páirtaimseartha in Baile Átha Luain, Baile Bhlainséir, Caisleán an Bharraigh, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn, Port Laoise, Ráth Eanaigh, Sligeach, Tamhlacht, Trá Lí, Port Láirge agus Loch Garman. D'athlonnaigh an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh a hoifig Shligigh chuig Ionad Siopadóireachta na Cé i Meán Fómhair 2008. Rinneadh athbhreithniú ar an treoirthionscadal a bhunaigh an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh i 2006 ar chuireadh ó Lárionad Dlí Bhaile Munna i Meán Fómhair 2007 agus leanfaidh sé bliain eile go Meán Fómhair 2008 nuair a dhéanfar athbhreithniú air arís. Cuireadh an tseirbhís ar fionraí i Lúnasa mar gheall ar easpa foirgnimh oiriúnaigh agus tá forbairt de chóiríocht mhalairte á plé faoi láthair le Tionscadal Athghiniúna Bhaile Munna.

Tá an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ag feidhmiú le 22 bliain anuas, ó 1986 go 2008, agus feidhmíonn sí de réir samhla na gceisteanna go léir eadrána mar a leagtar amach thuas. Le blianta beaga anuas, tá an tseirbhis ag déileáil le líon méadaitheach tarchur ó na cúirteanna. Tá formhór na dtarchur seo ag déileáil le ceisteanna tuismitheoireachta idir tuismitheoirí neamhphósta.

Sonraí Staitistiúla

Sa tréimhse idir Eanáir go Nollaig 2008, d'oibrigh an tSeirbhís le beagnach 1,500 lánúin. Chríochnaigh 478 acu siúd an próiseas agus bhain comhaontú amach; níor lean 361 eile ar aghaidh tar éis an chéad sheisiúin, d'fhill 70 ar an bpósadh agus tugadh an chuid eile de na lánúineacha ar aghaidh go 2009. Is iad seo a leanas na staidrimh iomlána don bhliain 2008:

Ar fud na tíre

Líon na lánúineacha a tugadh ar aghaidh ó 2007	Líon na lánúineacha a d'fhreastail ar eadráin i 2008	Líon na lánúineacha nár lean ar aghaidh tar éis an chéad sheisiúin
337	1146	361

2008	Líon na lánúineacha a lean ar aghaidh leis an eadráin tar éis an chéad sheisiúin	Baineadh comhaontú amach	D'fhill ar an bpósadh	Cúnamh ach gan an próiseas a chríochnú
Iomlán	785	478	70	237
Iomlán i %	100	60.8	8.8	30.4

Réigiún an Oirthir (Baile Áth Cliath, Dún Dealgan, Ráth Eanaigh, Baile Bhlainséir agus Baile Bunna)

2008	Líon na lánúineacha a lean ar aghaidh leis an eadráin tar éis an chéad sheisiúin	Baineadh comhaontú amach	D'fhill ar an bpósadh	Cúnamh ach gan an próiseas a chríochnú
Iomlán	314	204	15	95
Iomlán i %	100	64.9	4.7	30.4

Réigiún an Iarthair (Gaillimh, Caisleán an Bharraigh, Sligeach agus Leitir Ceanainn)

2008	Líon na lánúineacha a lean ar aghaidh leis an eadráin tar éis an chéad sheisiúin	Baineadh comhaontú amach	D'fhill ar an bpósadh	Cúnamh ach gan an próiseas a chríochnú
Iomlán	131	66	12	53
Iomlán i %	100	50.4	8.4	41.2

Réigiún an Iarthair Láir (Luimneach, Baile Áth Luain, Port Laoise agus Tamhlacht)

2008	Líon na lánúineacha a lean ar aghaidh leis an eadráin tar éis an chéad sheisiúin	Baineadh comhaontú amach	D'fhill ar an bpósadh	Cúnamh ach gan an próiseas a chríochnú
Iomlán	183	111	20	52
Iomlán i %	100	60.6	10.9	28.5

Réigiún an Deiscirt (Corcaigh, Port Láirge, Loch Garman agus Trá Lí)

2008	Líon na lánúineacha a lean ar aghaidh leis an eadráin tar éis an chéad sheisiúin	Baineadh comhaontú amach	D'fhill ar an bpósadh	Cúnamh ach gan an próiseas a chríochnú
Iomlán	157	97	23	37
Iomlán i %	100	61.8	14.6	23.6

5.6 Taighde

Bhí dul chun cinn suntasach i bhforbairt chlár taighde na Gníomhaireachta i 2008.

Gairm Thaighde

Fógraíodh an Ghairm Thaighde 2008, ag lorg iarratas ar dheontais taighde a bhaineann leis an nGníomhaireacht, in Eanáir 2008. Fuarthas naoi n-iarratas bailí. Tar éis dianphróisis mheasúnaithe, socraíodh ar chúnamh a bhronnadh ar dhá cheann de na hiarratais.

Bronnadh cúnamh deontais ar an Dr. Margret Fine-Davis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun tionscadal a dhéanamh dar teideal 'Changing Gender Role Attitudes and Behaviour: Implications for Family Formation in Ireland'. Tá an staidéar trí bliana seo le críochnú i 2010.

Ba í an Dr. Virpi Timonen, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an dara iarrthóir a fuair cúnamh deontais chun staidéar a dhéanamh dar teideal: 'Grandparents role in divorced and separated families in Ireland'. Tá an tionscadal seo le críochnú i 2009.

D'iarr an Ghníomhaireacht, don chéad uair i 2008, iarratais le haghaidh scéime urraíochta Maistreachta/PhD faoina Ghairm bhliantúil thaighde. Roghnaíodh mac léinn agus tugadh urraíocht dó/di chun PhD a dhéanamh ar thionscadal dar teideal 'Immigration, Identity & Children's Community Relations'.

Tá dhá thionscadal maoinithe faoin Ghairm Thaighde 2007 ag leanúint ar aghaidh agus tuarascálacha deiridh le cur i láthair acu i 2009. Ina measc tá staidéar a rinne One Family, le

haghaidh tionscadail dar teideal ‘Family and Child contact centres in Ireland: What is the need and how best can this need be met?’ agus staidéar ag an ESRI le haghaidh tionscadail dar teideal ‘Family Figures: Trends in family dynamics and family types in Ireland, 1986-2006’

Tacaíocht Taighde Theicniúil

Leanann an Dr. Kieran McKeown ar aghaidh le comhairle thaighde theicniúil a chur ar fáil i dtaca le Clár Taighde na Gníomhaireachta. Tá ról an Dr McKeown maidir le comhairle thaighde theicniúil a sholáthar ag gach céim i bpróiseas an taighde deartha chun éifeachtacht theicniúil agus ionracas an phróisis a chinntiú agus chun cáilíocht an taighde a mhaoiníonn an Ghníomhaireacht a chinntiú freisin.

Taighde Coimisiúnaithe

Cuireadh tús in Eanáir 2008 le hathbhreithniú eachtrach ar Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh na Gníomhaireachta. Is seirbhís rúnda í an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh a sholáthraítear saor in aisce do lánúineacha, idir phósta agus neamhphósta, a bhfuil beartaithe acu scaradh nó colscaradh a dhéanamh agus a dteastaíonn uathu téarmaí an scartha nó an cholscartha a phlé le chéile Cuimsíonn an staidéar roinnt eilimintí lena n-áirítear anailís ar shonraí na dtorthaí do chliaint, suirbhé ar iarchliaint na seirbhíse, comparáid ar thorthaí do chliaint a bhfuil taithí idirnáisiúnta acu, agus suirbhé ar gheallshealbhóirí. Beidh an tuarascáil deiridh, mar aon le moltaí a thabharfadh treoir ar fhorbairt na seirbhíse sa todhchaí, ar fáil i 2009.

Cuireadh tús i 2008 freisin le tionscadal chun taighde teaghlaigh a fhiosrú in Éirinn agus chun straitéis thaighde theaghlaigh a fhorbairt don Ghníomhaireacht. Tá léarscáiliú de thaighde teaghlaigh na hÉireann mar chuid den tionscadal agus cuspóir aige bearnaí a shainaithint agus straitéis a fhorbairt a bharrfheabhsóidh caiteachas agus acmhainní taighde teaghlaigh. Cuirfear tús le hobair an tionscadail ag tús 2009.

Aighneachtaí
Cheadaigh Bord na Gníomhaireachta aighneacht don Chomhchoiste Oireachtais um Leasú Bunreachtúil maidir le Leanaí. Chuir an Ghníomhaireacht béim ina haighneacht ar éagsúlacht an tsaoil teaghlaigh agus an riachtanas lena chinntiú, gan aird ar stádas dleathach an teaghlaigh ina bhfuil siad, go mbíonn siad faoi chosaint chothrom bhunreachtúil.

5.7 Faisnéis

Sa bhliain 2008 lean an Rannóg Fhaisnéise ar aghaidh le fócasú ar an ról atá aici chun faisnéis a chur chun cinn agus a scaipeadh i dtaca le ceisteanna a bhaineann le pósadh agus oideachas caidrimh, eadráin teaghlaigh, tuismitheoireacht agus freagrachtaí teaghlaigh agus cúrsaí bainteacha. Rinne sí seo ar dhóigheanna éagsúla:

- **Soláthar na Faisnéise –** le linn 2008 d’oibrigh An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh go dlúth le heagraíochtaí eile, reachtúil agus neamhreachtúil, le faisnéis a chur chun cinn agus a scaipeadh ar cheisteanna a bhaineann lena feidhmeanna:

- Chuir an FSA maoiniú ar fáil d’fheachtas fógraíochta arna reáchtáil ag Treoir, eagraíocht neamhreachtúil a oibríonn le tuismitheoirí neamhphósta, chun dul i

ngleic le faisnéis mhícheart atá ann maidir le cearta na n-aithreacha neamhphósta i dtaca lena bpáistí Bhí an feachtas le cloisteáil go forleathan ar an raidió in Éirinn.

- Thug an Ghníomhaireacht maoiniú freisin do Threoir chun an tríú eagrán dá bhFoilseachán "Family Links, Steps and Stages" a phriontáil agus a dháileadh, a thairgeann tacaíocht do thuismitheoirí aonair ionas go mbeidh tuiscint ag a leanaí ar chúrsaí a dteaghlaigh féin. Tá sé ar fáil ar líne ag *www.treoir.ie*

- Ag cur lena comhoibriú roimhe le Barnardos, cheadaigh an Ghníomhaireacht maoiniú le haghaidh athphriontála den tsraith leabhrán Parenting Positively a seoladh i 2007. Tá sé mar aidhm ag na leabhráin tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil leanaí idir sé agus dhá bhliain déag d'aois acu i réimse de dhúshláin tuistithe. I dteannta leabhráin ar scileanna ginearálta tuistithe, a bhfuil mar aidhm aige cuidiú le tuismitheoirí forbairt a leanaí a thuiscint agus a thacú ar dhóigh níos fearr, téann an tsraith i ngleic le cuid de cheisteanna an tsaoil atá níos casta, ina measc, bás, scaradh, mí-úsáid teaghlaigh agus bulaíocht. Tá leabhráin sa tsraith do thuismitheoirí chomh maith le leabhráin le léaráidí do leanaí i dteanga ata éasca dóibh. Is féidir le tuismitheoirí na leabhráin a léamh lena leanaí mar chuidiú trí thréimhsí deacra.

  Tá na leabhráin ar fáil saor in aisce ó Lárionad Náisiúnta Acmhainne Leanaí Barnardos ar líne ag *www.barnardos.ie* nó ó láithreán gréasáin FSA *www.fsa.ie*

- Lean Oifigeach Faisnéise na Gníomhaireachta ar aghaidh i 2008 mar bhall de choiste an Chláir Uile-Éireann do Thuismitheoirí Inimirceacha. Cheadaigh an Ghníomhaireacht freisin maoiniú do DVD a fheidhmeoidh mar phríomhchuid sa chlár tuistithe do thuismitheoirí inimirceacha.

- Sholáthair an rannóg Fhaisnéise, i gcomhoibriú le One Family, soláthróir de sheirbhísí tacaíochtaí do theaghlaigh aontuiste, maoiniú le haghaidh foilseacháin an lámhleabhair Coping with Family Life: Family Communications, a úsáidtear chun acmhainní agus oiliúint a chur ar fáil do dhaoine gairmiúla, agus chun cláir thuistithe a éascú agus a chur i bhfeidhm dóibh siúd atá ag feidhmiú mar thuismitheoirí aonair nó atá ag roinnt tuistithe.

- **Clár Fógraí** – chun cumarsáid inmheánach idir baill fhoirne sa Ghníomhaireacht a éascú, go háirithe i measc na 16 oifig sheirbhíse eadrána teaghlaigh ar fud na tíre, mhaoirsigh an Rannóg Fhaisnéise forbairt agus cur i bhfeidhm d'inlíon don fhoireann.

- **Láithreán Gréasáin na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh** – D'iarr an rannóg Fhaisnéise tairiscintí agus bhronn conradh le haghaidh athdheartha an láithreáin gréasáin FSA (*www.fsa.ie).* Seolfar an láithreán gréasáin nua agus feabhsaithe i 2009, agus beidh dearadh agus gnéithe nua éasca d'úsáideoirí ann chun rochtain ar sheirbhísí atá maoinithe agus tacaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh níos éasca.

Aguisín 1 – Cruinnithe an Bhoird i 2008 agus Foghrúpaí an Bhoird

1. Cruinnithe an Bhoird

28 Eanáir	25 Feabhra	31 Márta
28 Aibreán	26 Bealtaine	8 Iúil
25 Lúnasa	29 Meán Fómhair	20 Deireadh Fómhair
24 Samhain	15 Nollaig	

2. Foghrúpaí an Bhoird

Foghrúpa	**Comhaltaí**
Coiste Iniúchta	Muriel Walls (Cathaoirleach), Helen Faughnan, Angela Gaule, Dick Hickey
Comhairliúchán	Dick Hickey (Cathaoirleach), Colm O'Connor, Bríd Rocks
Seirbhís Eadrána Teaghlaigh	Clare Cashman (Cathaoirleach), Geoffrey Corry, Angela Gaule, Dick Hickey, Colm O'Connor
FRC – le haghaidh cuimsithe na ngrúpaí sa chlár	Bríd Rocks (Cathaoirleach), Clare Cashman, Helen Faughnan
FRC – Téarmaí & Coinníollacha	Clare Cashman (Cathaoirleach), Maria Corrigan, Helen Faughnan, Dick Hickey, Bríd Rocks
Coiste Oireachtais	Michael O'Kennedy (Cathaoirleach), Muriel Walls, Pat Bennett, Bill O'Dea, Polly Phillimore
Taighde	Colm O'Connor (Cathaoirleach), Clare Cashman, Maria Corrigan, Helen Faughnan, Caroline Murphy
Faisnéis & Pleanáil Straitéiseach	Dick Hickey (Cathaoirleach), Geoffrey Corry, Angela Gaule, Bríd Rocks

Aguisín 2 - Feidhmeanna Reachtúla

Tá feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh, mar atá leagtha síos san Acht faoin Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, leagtha síos thíos:

4. (1) Beidh feidhmeanna na Gníomhaireachta mar seo a leanas -

(*a*) seirbhís eadrána teaghlaigh a sholáthar,

(*b*) má chreideann an Ghníomhaireacht go bhfuil sé riachtanach nó caoithiúil -

(i) eadráin teaghlaigh a sholáthar trí dhaoine eile a chreideann sí a bheith cuí,

(ii) oiliúint in eadráin teaghlaigh a sholáthar, ag an Ghníomhaireacht féin nó trí dhaoine eile
a chreideann sí a bheith cuí,

(*c*) soláthar de chomhairliúchán pósta agus caidreamh mar aon le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a
thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt,

(*d*) faisnéis a chur chun cinn agus a scaipeadh ar cheisteanna a bhaineann le hoideachas pósta agus caidreamh, eadráin teaghlaigh, freagrachtaí tuistithe agus teaghlaigh agus ceisteanna eile bainteacha, agus i dtaca leis seo comhoibriú le húdaráis phoiblí eile chun faisnéis a chur ar fáil mar chuidiú le daoine a gcuid freagrachtaí oibre agus teaghlaigh a chothromú,

(*e*) Clár Lárionad Acmhainne Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail an Aire a thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt,

(*f*) taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar cheisteanna a bhaineann lena feidhmeanna nó ar cheisteanna eile ar iarratas an Aire,

(*g*) faisnéis agus cuidiú a chur ar fáil don Aire, ar iarratas an Aire nó ar a comhairle féin, maidir le forbairt d'aon ghné dá feidhmeanna,

(*h*) cúnamh airgeadais do chomhlachtaí poiblí i dtaca le cúrsaí ar bith a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta a chur ar fáil, faoi réir ceadaithe an Aire, agus de réir na gcritéar bunaithe faoi *mhír 7*, agus chuige sin riarachán de -

(i) scéim an Aire ar a dtugtar Scéim na nDeontas ar Eagraíochtaí Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairliúcháin Pósta, Linbh agus Méala.

(ii) clár an Aire ar a dtugtar Clár Lárionad Acmhainne Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail, agus

(iii) scéimeanna, deontais agus áiseanna eile le haghaidh cúnaimh airgeadais a d'fhéadfadh a bheith údaraithe ag an Aire ó am go ham, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais

(*i*) pleananna straitéiseacha a ullmhú de réir *míre 9,*

(*j*) aon fheidhmeanna breise a dhéanamh a thugtar don Ghníomhaireacht faoi *Mhír 5*

4. (2) Beidh aird na Gníomhaireachta, agus í i mbun na bhfeidhmeanna tugtha di ag nó faoin Acht seo, ar iad seo a leanas -

(*a)* an riachtanas chun cuidiú go háirithe le daoine atá sa phróiseas de scaradh nó colscaradh chun comhaontú a bhaint amach, go háirithe i ndíospóidí a bhaineann le leanaí.

(b) an riachtanas le haghaidh comhoibrithe le húdaráis phoiblí agus comhlachtaí deonacha ábhartha eile

(c) beartas Rialtais, go háirithe beartas cuimsithe sóisialta.

4. (3) Beidh na cumhachtaí sin ag an nGníomhaireacht atá riachtanach nó teagmhasach i dtaca lena feidhmeanna faoin Acht seo a chur i gcrích.

Aguisín 3 - Struchtúr Eagraíochtúil agus Soláthar Foirne

Pat Bennett **Príomhfheidhmeannach**

1. Seirbhísí Corparáideacha

Bill O'Dea	AP
Deirdre Fradl	HEO
Anne O'Riordan	HEO
Niamh Egan	EO
Michael Hanrahan	CO

2. Taighde

Aideen Mooney* AP

Deirdre Roche EO (Taighde & Faisnéis)

3. Faisnéis

Mary Lloyd* AP

4. Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh agus Deontais Chomhairliúcháin

Christina O'Connor AP

Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh

Rita Fitzsimons	HEO
Imelda Martin	EO
Ann Butler	EO
Siobhán Kennedy	CO
Linda Ogunbufunmi	CO

Deontais Chomhairliúcháin

Olive Shanley	HEO
Marian Finn	EO
Greg Ryan	CO

5. An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh

Comhordaitheoir Seirbhíse Polly Phillimore

Comhordaitheoirí Limistéir Ann O'Kelly (Siun Kearney*†/Bernadette Barry Murray*†)
Carmel Savage
Jim Sykes*
Sheila Healy

Eadránaithe

Ann Doran* R.I.P.	Jane Mc Colgan*	Marie Keely*
Anna Slattery*	Julie Mc Auliffe *	Martin Long*
Claudia Greene*	Karen Canny*	Niamh Lehane*
Collette Morrison*	Karen Markey*	Patricia Bolton*
Colma Nic Aodha Bhui*	Karen Quirke*	Patricia Fleming*
Eimear Hayden*	Lyle Mc Elderry*	Paula Desmond*
Fiona Mc Auslan*	Majella Foley-Friel*	Rosemary Hanratty*
Geoffrey Corry*	Mary Earley*	Yvette O'Malley*

Riarachán

Anne Troy* / Antoinette O'Donovan* SO

Oifigigh Chléireachais

Angela Comerford*	Collette O'Connor*	Marie Geraghty*	Rachel O'Donovan
Ann Connor*	Evelyn Mc Garrigle*	Martina Doyle*	Ruth Baldacchino
Ann Devitt*	Helen Golden*	Michelle Coyle-Henry*	Sandra Moran*†
Catherine Kavanagh*	Mairin Ui Fhaoilin*	Noelle O Connell*	Sandra Murphy*
Cecilia Maguire*	Margaret Farrell*	Noreen Mullin*	
Claire Connelly	Margaret Tierney	Tara O'Connell*	

* Léiríonn Foireann Páirtaimseartha/Phostroinnte
† Léiríonn an duine ar Shos Gairme

Aguisín 4 - Áitreabh

Ceanncheathrú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01-6114100
Láithreán Gréasáin: *www.fsa.ie*
R-phost: info@fsa.ie

Oifigí Lánaimseartha na Seirbhíse Eadrána Teaghlaigh

Corcaigh – Teach Hibernian, 80A An Meal Theas, Corcaigh
Guthán: 021-4252200

Baile Átha Cliath - Urlár 1, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01-6344320

Gaillimh – Urlár 1, Teach Ross, Bóthar an Cheannaí, Gaillimh
Guthán: 091-509730

Luimneach – Urlár 3, Riverpoint, Sráid Mhala Íochtarach, Luimneach
Guthán: 061- 214310

Oifigí Páirtaimseartha na Seirbhíse Eadrána Teaghlaigh

Baile Átha Luain – Sraith 10, An Chéad Urlar, Lárionad Gnó Inis Charraige, Golden Island, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Guthán: 090- 6420970

Baile Bhlainséir - Teach an Chinn Iartharaigh, Páirc Ghnó an Chinn Iartharaigh, Síneadh Bhóthair Snugborough, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
Guthán: 01-8118650

Caisleán an Bharraigh – f/ch An Lárionad Teaghlaigh, Sráid an tSéipéil, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 094- 9035120

Dún Dealgan – 10 Seatown**,** Dún Dealgan, Co. Lú
Guthán: 042 - 9359410

Leitir Ceanainn – 3ú Urlár, Teach Riverfront, Bóthar Mhic Phiarais, Leitir Ceanainn
Guthán: 074-9102240

Portlaoise – Leibhéal 2, Teach Grattan, Lárionad Gnó Grattan, Portlaoise, Co. Laoise
Guthán: 057-8695730

Ráth Eanaigh – Teach Skillings, Oifigí an 1ú urláir, Lárionad Siopadóireachta Ráth Eanaigh, Bóthar Bhinn Éadair, Baile Átha Cliath 5
Guthán: (01)8510730

Sligeach – Leibhéal 6, Lárionad Siopadóireachta na Cé, Sráid an Fhíona, Sligeach
Guthán: (071) 9154260.

Tamhlacht – The Rere, Lárionad Seirbhisí Soisialta Thamhlachta, An Chearnóg, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Guthán: 01-4145180

Trá Lí – Aonad 2, Plás an Mhargaidh, Sráid Maine, Trá Lí, Co. Chiarraí
Guthán: 066-7186100

Port Láirge – 13B Teach Wallace, Geata Maritana, Sráid Cheanada, Port Láirge
Guthán: 051- 860460

Loch Garman – 32 Eochair Thiar, Cé Theach an Chustaim, Loch Garman
Guthán: 053- 63050